Ard-Mhúsaem
na hÉireann
National Museum
of Ireland


Gaeilge




# Turlough Park
# Léarscáil

# Fáilte chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann ag Páirc Thurlaigh

Tá an Músaem Náisiúnta ag Páirc Thurlaigh suite i measc 30 acra coillte, páirce agus gairdíní galánta. Tá Bailiúcháin agus gailearaithe an Mhúsaeim i bhfoirgnimh chomhaimseartha a dhear Oifig na nOibreacha Poiblí in 2001. Tá teach Gotach Victeoiriach a tógadh in 1865 ar an suíomh agus tá tithe lasmuigh, tithe gloine ornáideacha, áit suí faoin aer in aice le loch agus clós súgartha úrnua a tógadh le déanaí ann. Bain taitneamh as suaimhneas ár Músaeim, siúlóid nádúir agus tar éis sin, téigh chuig ár siopa agus caifé.



Tá an Músaem suite i measc gairdíní áille Theach Pháirc Thurlaigh i gContae Mhaigh Eo, áit a bhfuil Bailiúchán ar Shaol na Tuaithe in Éirinn. Féach ar bhailiúchán luachmhar na ndéantán seo a cheiliúrann éagsúlacht an ghnáthshaoil in Éirinn, ó thír agus sráidbhaile go baile agus cathair. Tá ceithre urlár i gceist leis an Músaem seo ag Páirc Thurlaigh agus insítear scéalta clúiteacha agus iontacha araon.



Tá ról ríthábhachtach ag an Músaem maidir le roinnt de na bailiúcháin is fearr ar domhan a bhaineann le hoidhreacht luachmhar na hÉireann a bhailiú, a choimeád, a chaomhnú agus a chur i láthair. Téann ár gcuid oibre níos faide ná ár ngailearaithe, mar déanaimid teagmháil le pobail éagsúla ó gach cearn, agus le scoileanna, le teaghlaigh, le taighdeoirí agus le cuairteoirí idirnáisiúnta chomh maith.

Reáchtálaimid imeachtaí, ceardlanna agus gníomhaíochtaí ó cheann ceann na bliana a cheiliúrann ár mBailiúcháin agus ár gcultúr. Bíodh sé ag breathnú thart le rian gníomhaíochta, ag freastal ar chainteanna nó ag glacadh páirt i gceardlanna, tá rud ann do gach duine chun sult a bhaint as. Féach ar ár suíomh gréasáin chun eolas a fháil ar imeachtaí atá le teacht nó téigh chuig Fáiltiú an Mhúsaeim le haghaidh tuilleadh faisnéise.









Is í Páirc Thurlaigh ar cheann de na ceithre láthair Ard-Mhúsaem na hÉireann i gContae Mhaigh Eo agus Bhaile Átha Cliath. Cuireann an Músaem le comhchuimhne agus le féiniúlacht go leor daoine ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland

# Páirc Thurlaigh




## Áiseanna

- Fáiltiú
- Faisnéis
- Leithris
- Leithris Inrochtana
- Friothálaí Naíonán
- Léachtlann Closamhairc
- Bealach Éalaithe
- Leabhar Cuimhne
- Áit Scíthe
- Limistéar do Leanaí
- Seomra Oideachais
- Limistéar Radhairc Áite
- Staighre
- Ardaitheoir

## Éide Thraidisiúnta & Réamhrá

LIMISTÉAR 1 & 2

Réamhrá ar bhailiúchán Shaolna Tuaithe a bhfuil rogha éadaí a caitheamh in 1937, ar na hOileáin Árann, amach ó chósta Chontae na Gaillimhe.



Spóilíní tuíodóireachta
F:1968.332

## An Rómáns & An Réaltacht

LIMISTÉAR 3

In amanna, sílimid go raibh cúrsaí níos simplí agus níos rómánsúla san am a chuaigh thart ach a mhalairt a bhí fíor. Bhí na coinníollacha maireachtála crua, an bhochtaineacht agus an t-ocras mar chuid dár stair freisin.



Téad ualaigh
F:1955.103

## Ag Rothaíocht ar Fud na Tíre

LIMISTÉAR 4

Rianaigh stair agus forbairt an rothair chomhaimseartha ón tráth a bhí sé ina phríomh-mhodh iompair in Éirinn go dtí go raibh gluaisteáin inacmhainne.



Rothar
F:2011.3

## Na hAmanna

LIMISTÉAR 5

Féach ar an dóigh ar athraigh gluaiseachtaí polaitíochta agus athruithe sóisialta móra idir 1850 agus 1950 an tír ó bhonn.



Píopa caitheamh tobac cré
F:1954:31

## An Timpeallacht Nádúrtha

LIMISTÉAR 6

Do roinnt mhaith daoine, is iad na hacmhainní nádúrtha sa tírdhreach áitiúil a shocraigh saol na tuaithe in Éirinn. Shocraigh flúirse agus ganntanas cad a úsáidteá chun do theach a thógáil agus a fhearastú.



Cliabhán caolaigh
F:1957.100

## Tuí, Féar & Luachair

LIMISTÉAR 7

Foghlaim faoi ghliceas agus faoi cheardaíocht na ndaoine a d'úsáideadh na hábhair nádúrtha seo chun gnáthrudaí a chruthú le húsáid sa bhaile agus ar an bhfeirm. Úsáideadh tuí agus luachair in áit crua-adhmad agus leathair toisc go raibh siad níos saoire.



Hata luachra
F:1964.68

## Ceirdeanna & Ceardaíocht

LIMISTÉAR 8

Rinne idir fhir agus mhná cuid mhór gnáthrudaí sa bhaile ach in ainneoin sin, bhraith gach pobal ar shaineolas na gceardaithe áitiúla fós. Foghlaim faoina n-uirlisí agus scileanna.

## An Scoil & An Pobal

LIMISTÉAR 9

Cuir do laethanta scoile i gcomparáid le chéile agus éist le ceachtanna scoile fadó.

## An Bhliain in Éirinn

LIMISTÉAR 10

Roinnte idir na ceithre shéasúr, foghlaim faoin dóigh ar cheiliúir pobail Éireannacha féilte agus nósanna na bliana féilire agus béim ar leith ar thús gach séasúir.



Cros Bhríde
F:1942.183

## An Baile

LIMISTÉAR 11

Tar isteach i dteach traidisiúnta Éireannach agus éist le ceol traidisiúnta cois tine. Féach ar throscán an teaghlaigh agus na réada a úsáideadh chun cócaireacht, glanadh, agus níochán a dhéanamh.



Lampa pairifín
F:1968.154

## Éadaí & Teicstílí

LIMISTÉAR 12

Féach ar roinnt de na héadaí, a dhéanadh na mná dóibh féin agus dá teaghlaigh, ó lomra caorach go héadaí críochnaithe.



Geansaí Árann
F:1942.1899

## Talamh & Uisce

LIMISTÉAR 13

Féach ar an obair mhaslach a rinne na feirmeoirí agus na hiascairí a bhíodh ag iascach ár n-uiscí cósta agus intíre chun iad féin agus a dteaghlaigh a chothú agus bia a thabhairt dóibh.



Beathaitheoir caorach
F:1964.32

## Fórsaí an Athraithe

LIMISTÉAR 14

Airgead, tionscal, meaisíní agus céim ar gcúl ó shaothrú na talún. Éist le hagallaimh a phléann an dóigh ar tháinig athrú ar an saol in Éirinn le linn na gcaogaidí.

## Eolas do Chuairteoirí

Chun eolas a fháil ar thaispeántais reatha agus atá le teacht, scan an cód seo.

# Ard-Mhúsaem na hÉireann National Museum of Ireland

museum

**Uaireanta oscailte**
Domhnach – Luan: 13:00 – 17:00
Máirt – Satharn: 10:00 – 17:00

Tá fáilte roimh chách agus tá saorchead isteach ag gach láthair.

Lean muid agus faigh níos mó eolais ag museum.ie

## Féach thart ar láithreacha Ard-Mhúsaem na hÉireann eile



**Dún Uí Choileáin**
Baile Átha Cliath, D07 XKV4

Áirítear leis na bailiúcháin Ealaíona Maisiúla, Dearadh, Stair Mhíleata agus scéalta faoi leanúnachas agus athrú ar fud shochaí na hÉireann.



**Sráid Chill Dara**
Baile Átha Cliath, D02 FH48

Tá roinnt de na déantáin is sine agus is luachmhaire in Éirinn anseo. Áirítear leis na bailiúcháin Seandálaíocht, Éigipteach, Lochlannaigh agus Ór.

Mar charthanacht, braithimid ar fhlaithiúlacht ár dtacadóirí chun cabhrú linn bailiúcháin a cheiliúrann stair, cultúr agus staid na hÉireann a chaomhnú, a chosaint, agus a roinnt.
Scan an cód MR chun síntiús a thabhairt.

Íomhá Clúdaigh: Uan bréagán 2005.18